




Commission of Investigation
Handling of Historical Child Sexual Abuse in Schools

Treoir Rannpháirtíochta Sa Suirbhé



Clár an Ábhair

Réamhrá	3
Rudaí le Bheith ar an Eolas Fúthu	4
Ábhair Imní Reatha um Chosaint Leanaí	5
An Suirbhé	6
Cad Chuige Suirbhé?	7
Cé atá in ann an Suirbhé a Chomhlánú?	7
An bhfuil Mo Scoil San Áireamh?	8
Cén chaoi a ndéantar an Suirbhé a Struchtúró?	9
Cén Sruth is Cóir Dom Roghnú?	10
Cad a larrtar sa Suirbhé?	11
Cur Chuige Dírithe ar Mharthanóirí agus Trámathreoraithe	13
Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Neamhspleách don Suirbhé	14
Conas Páirt a Ghlacadh	15
An Suirbhé a Chomhlánú Ar Líne	16
Socruithe Inrochtaineachta	16

Cad a Tharlóidh i nDiaidh an tSuirbhé?	17
Obair an Choimisiúin	18
Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí	18
Imscrúdúchán	19
Ábhair á Roghnú le haghaidh Imscrúdúcháin	19
Cén Chaoi a Láimhseálfar Mo Chuid Faisnéise?	21
Imeachtaí Dlí agus Comhaontuithe Rúndachta	22
Tuilleadh Eolais	23
Aguisín A: Fógra um Príobháideacht Suirbhé	24


Réamhrá

Bunaíodh an Coimisiún Imscrúdúcháin maidir le Láimhseáil Drochúsáide Gnéasaí Stairiúla Leanaí i Scoileanna chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar láimhseáil scoileanna, agus iad siúd freagrach as scoileanna, in Éirinn, ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí.

Scrúdóidh an Coimisiún freisin an chaoi ar láimhseáil An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus an Roinn Oideachais, tuairiscí faoi dhrochúsáid ghnéasach a bhain le scoileanna. Díreoidh a chuid oibre ar chásanna nár láimhseáladh ábhair imní (gearáin san áireamh) faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí i gceart a aithint, an fáth ar tharla sé seo, agus cé a bhí freagrach.

Déanfaidh an Coimisiún an tionchar a bhí ag drochúsáid ghnéasach leanaí i scoileanna a mheas freisin. Tuairisceoidh sé chuig an Aire Oideachais agus Óige maidir le heispéiris marthanóirí, an tionchar a bhí acu ar a saol, agus faoi cad is féidir a fhoghlaim chun cosaint leanaí a neartú amach anseo. Faoina Théarmaí Tagartha, is gá don Choimisiún suirbhé a dhéanamh mar cheann de na chéad chéimeanna ina chuid oibre. Cuirfidh an suirbhé seo le hImscrúdúchán an Choimisiúin agus lena Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí.

Tá an treoir seo do dhaoine atá ag smaoineamh ar shuirbhé an Choimisiúin a chomhlánú. Tuigimid go bhféadfadh sé a bheith deacair léamh faoi eispéiris de dhrochúsáid ghnéasach leanaí, nó machnamh a dhéanamh orthu, agus go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach cinneadh a dhéanamh cé acu páirt a ghlacadh. Tá sé i gceist leis an treoir seo cuidiú leat cinneadh feasach a dhéanamh an bhfuil rannpháirtíocht i gceart duitse.



Is é an suirbhé an chéad chéim do dhuine ar bith ar mian leis/léi faisnéis tosaigh a roinnt leis an gCoimisiún. Tá sé deartha le faisnéis a bhailiú ó dhaoine a bhfuil eispéiris nó eolas acu a bhaineann le drochúsáid ghnéasach i scoileanna. Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil tríd a suirbhé cuideofar leis an gCoimisiún tuiscint a fháil ar eispéiris, patrúin agus téamaí a aithint, agus cur lena lmscrúdúchán agus lena Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí araon.

Sa treoir seo mínítear cé atá in ann an suirbhé a chomhlánú, cén fhaisnéis a iarrtar, conas a úsáidfear na freagraí, cén tacaíocht atá ar fáil, agus cad a tharlaíonn tar éis duit páirt a ghlacadh.

Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar eolas ginearálta faoin gCoimisiún lmscrúdúcháin agus a chuid oibre ar ár suíomh gréasáin

www.commissionofinvestigation.ie nó inár Leabhrán: Réamheolas ar Obair an Choimisiúin.

Rudaí le Bheith ar an Eolas Fúthu

- Is cur chuige dírithe ar mharthanóirí agus trámathreoraithe é cur chuige an Choimisiúin.
- Is go deonach atá sé páirt a ghlacadh.
- Mura bhfuil an freagra ar cheist ar eolas agat, nó mura bhfuil tú cinnte, is féidir leat é sin a rá.
- Tá Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Neamhspleách don Suirbhé ar fáil.
- Is féidir leat cinneadh a dhéanamh ar mhaith leat go ndéanfaí teagmháil leat maidir le tuilleadh teagmhála leis an gCoimisiún i ndiaidh an tsuirbhé.

- Is féidir leat d'intinn a athrú am ar bith maidir le páirt a ghlacadh.
- I gcásanna áirithe b'fhéidir go mbeidh ar an gCoimisiún eolas a roinnt leis na húdaráis iomchuí má ardaíonn sé ábhar imní reatha faoi chosaint leanaí.

Ábhair Imní Reatha um Chosaint Leanaí

Chun cuidiú le leanaí a chosaint, tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara má ardaítear ábhair imní faoi shábháilteacht nó leas reatha linbh mar gheall ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil don Choimisiún, d'fhéadfadh dualgas a bheith orainn an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), nó chuig An nGarda Síochána, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus cumhdaigh. Má tá ábhar imní ort faoi riosca reatha do shábháilteacht nó leas linbh, is féidir leat é seo a thuairisciú freisin chuig Tusla nó chuig An nGarda Síochána go díreach ag baint úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

- **Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

Suíomh Gréasáin: www.tusla.ie

Teileafón: (01) 771 8500

- **An Garda Síochána**

Tá líne fóin agus seoladh ríomhphoist speisialta curtha ar fáil ag An nGarda Síochána do dhuine ar bith ar mian leis/Léi tuairisciú a dhéanamh nó labhairt faoina (h)eispéireas de dhrochúsáid ghnéasach leanaí a bhaineann le scoil.

Teileafón (uaireanta oifige): (01) 666 3924


R-phost (am ar bith): reportsexualcrime@garda.ie

An Suirbhé

An chéad chéim do dhuine ar bith atá ag iarraidh faisnéis a roinnt leis an gCoimisiún ná an suirbhé a chomhlánú. Tá an suirbhé seo ar fáil ón bhFómhar in 2026 agus beidh sé oscailte ar feadh roinnt seachtainí.

Baileoidh sé faisnéis tosaigh ó dhaoine a bhfuil eispéireas nó eolas acu a bhaineann le Téarmaí Tagartha an Choimisiúin.

Leis an bhfaisnéis a roinntear tríd an suirbhé, cuideofar leis an gCoimisiú tuiscint a fháil ar eispéiris, patrúin agus téamaí a aithint, agus cur leis na chéad chéimeanna eile don Imscrúdúchán agus don Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí araon. Déanfar na freagraí uile a mheas go cúramach de réir mar a phleanálann agus mar a dhéanann an Coimisiún a chuid oibre.



Cad Chuige Suirbhé?

Faoina Théarmaí Tagartha, is gá don Choimisiún suirbhé a dhéanamh. Is é seo an chaoi a mbaileoidh sé roinnt den fhaisnéis tosaigh atá de dhíth air chun a chuid oibre a dhéanamh.

Má bhaintear úsáid as suirbhé, ciallaíonn sé sin gur féidir le daoine faisnéis tosaigh a chur ar fáil ar bhealach struchtúrtha, gan gá le teagmháil a dhéanamh leo arís agus arís eile. Aithnímid go bhféadfadh cuimhní deacra nó mothúcháin dheacra teacht aníos de bharr rannpháirtíochta, agus tá sé i gceist leis an gcur chuige seo an t-ualach ar rannpháirtithe a laghdú am ar bith is féidir.

Sa suirbhé cinnteofar freisin go gcuirtear sraith ceisteanna sheasta ar gach duine. Cuideoidh sé seo leis an gCoimisiún:

- Faisnéis a bhailiú ó dhaoine atá ag iarraidh dul i dteagmháil leis an gCoimisiún.
- Tuiscint a fháil ar eispéiris, téamaí agus patrúin.
- Cinneadh a dhéanamh ar an áit le díriú ar na chéad chéimeanna eile den Imscrúdúchán.
- Teagmháil a dhéanamh le daoine a bheadh ag iarraidh tuilleadh rannpháirtíochta a dhéanamh, lena n-áirítear tríd an gClár Rannpháirtíochta Marthanóirí.

Is é an suirbhé an chéad chéim rannpháirtíochta leis an gCoimisiún. Tá sé deartha le faisnéis tosaigh a bhailiú, agus ag an am céanna aithnítear go bhféadfadh roinnt rannpháirtithe a bheith ag iarraidh níos mó mionfaisnéise a roinnt níos déanaí trí ghnéithe eile d'obair an Choimisiúin.

Cé atá in ann an Suirbhé a Chomhlánú?

Ba mhaith leis an gCoimisiún cloisteáil ó thrí ghrúpa daoine faoina n-eispéiris:

- **Grúpa A: Marthanóirí**

Daoine a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach mar leanbh i scoil, nó bainteach le scoil, idir 1927 agus 2013.

- **Grúpa B: Baill Teaghlaigh**

Ball teaghlaigh a chomhlánaíonn an suirbhé thar ceann duine a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach mar leanbh i scoil, nó bainteach le scoil, idir 1927 agus 2013, áit a bhfuil an duine sin tar éis bás a fháil nó nach féidir tacú leis nó léi páirt a ghlacadh é/í féin.

- **Grúpa C: Daoine a bhfuil Eolas Ábhartha Acu**

Daoine a chonaic drochúsáid, a fuair gearán nó tuairisc faoi dhrochúsáid ghnéasach, a raibh ábhair imní orthu faoi dhrochúsáid, nó a thuairiscigh ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach linbh i scoil nó bainteach le scoil idir 1927 agus 2013. D'fhéadfadh daoine a bheith san áireamh anseo freisin a tháinig ar an eolas ar ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí trína ról gairmiúil, ar nós múinteoirí, oibrithe sóisialta nó gairmithe eile.

An bhfuil Mo Scoil San Áireamh?

Cuimsíonn scóip an Choimisiúin na scoileanna lae agus cónaithe uile, scoileanna speisialta san áireamh, ag feidhmiú in Éirinn idir 1927 agus 2013.

Le haghaidh an phróisis seo, ciallaíonn scoil áit ina gcuirtear oideachas bunscoile nó iar-bhunscoile ar fáil (mar shampla, bunscoileanna, scoileanna náisiúnta, meánscoileanna, iar-bhunscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha). D'fhéadfadh áiteanna ina gcuirtear oideachas luath-óige ar fáil a bheith san áireamh freisin. Ach, ní chuimsíonn an sainmhíniú dlíthiúil scoileanna saothair, scoileanna ceartúcháin, ná institiúidí áirithe a bunaíodh nó a reáchtáladh faoi leas leanaí, sláinte leanaí, nó dlíthe cúraim leanaí. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil scoileanna saothair agus ceartúcháin agus institiúidí áirithe eile san áireamh sa sainmhíniú ar scoil faoin Acht Oideachais 1998, agus dá bhrí sin níl siad laistigh de scóip an Choimisiúin.

Má tá amhras ort cé acu an bhfuil do scoil san áireamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn nó leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta le haghaidh cúnamh.

Cén chaoi a ndéantar an Suirbhé a Struchtúrú?

Tá trí shruth sa suirbhé arb ionann iad agus na trí ghrúpa rannpháirtithe a ndéantar cur síos orthu thuas. Iarrfar ort an sruth is fearr a roghnú a mheaitseálann do chúinsí agus ansin treorófar tú go dtí na ceisteanna is ábhartha duitse.

Sruth A: Marthanóirí

Roghnaigh an sruth seo má d'fhulaing tú drochúsáid ghnéasach go pearsanta mar leanbh i scoil, nó bainteach le scoil, idir 1927 agus 2013.

Sa sruth seo, cuirtear ceisteanna faoi d'eispéireas, lena n-áirítear faisnéis faoi cá háit ar tharla an drochúsáid agus cathain a tharla an drochúsáid, an duine a bhí freagrach, agus cé acu ar thuairiscigh ábhair imní ag an am nó níos déanaí.

Ní gá go mbeidh an fhaisnéis seo ar fad agat chun an suirbhé a chomhlánú. Tuigimid go bhféadfadh sé a bheith deacair sonraí cruinne a thabhairt chun cuimhne ar nós dátaí, ainmneacha nó áiteanna. Mura bhfuil a fhios agat, mura féidir leat cuimhneamh, nó mura bhfuil tú cinnte faoi fhaisnéis ar leith atá ag teastáil chun ceist áirithe a fhreagairt, is féidir leat freagraí go garbh a chur ar fáil agus a chur in iúl nach bhfuil a fhios agat nó nach bhfuil tú cinnte.

Sruth B: Baill Teaghlaigh

Roghnaigh an sruth seo má tá an suirbhé á chomhlánú agat thar ceann baill teaghlaigh a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach mar leanbh i scoil, nó bainteach le scoil, agus atá tar éis bás a fháil nó nach féidir tacú leis nó léi páirt a ghlacadh é/í féin.

Tá an sruth seo an-chosúil le Sruth A. Díríonn na ceisteanna ar eispéireas an duine a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach seachas d'eispéireas féin. Ar an gcúis seo, is é an duine is oiriúnaí ná ball teaghlaigh a bhfuil mioneolas aige/aici ar eispéireas a g(h)aoil agus atá in ann faisnéis a chur ar fáil faoi cad a tharla, cá háit ar tharla sí agus cathain a tharla sí, agus aon ábhair imní nó tuairiscí a rinneadh. Nuair is féidir, b'fhéidir go mbeadh teaghlaigh ag iarraidh a chur san áireamh cé acu an é an rud is fearr gurb é duine amháin a dhéanann an suirbhé a chomhlánú ionas nach cuirfear faisnéis dhúblach ar fáil.

Sruth C: Daoine a bhfuil Eolas Ábhartha Acu

Roghnaigh an sruth seo má tá faisnéis á cur ar fáil agat faoi dhrochúsáid a chonaic tú, faoi ábhair imní a bhí agat, faoi ghearáin nó tuairiscí faoi dhrochúsáid a fuair tú, nó faoi thuairiscí a rinne tú. D'fhéadfadh faisnéis a bheith san áireamh anseo a tháinig chun solais duit trí do ról gairmiúil, ar nós múinteoir, oibrí sóisialta nó gairmí eile, nó trí d'eispéireas pearsanta.

Murab ionann is Sruthanna A agus B, sa sruth seo ní dhírítear go príomha ar eispéireas an mharthanóra. Seachas sin, díritear ar do chuid eolais ar imeachtaí, aon ábhair imní a tháinig chun cinn, bearta a rinneadh, agus, má tá a fhios agat, cad a tharla mar fhreagairt do na hábhair imní sin.

Is é an sruth seo an sruth is ábhartha do dhaoine ar mian leo faisnéis a chur ar fáil faoin gcaoi ar tuairiscíodh ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí, faoin gcaoi ar fhreagair scoileanna nó comhlachtaí eile dóibh, nó faoin gcaoi ar láimhseáil scoileanna nó comhlachtaí eile iad.

Cén Sruth is Cóir Dom Roghnú?

Roghnaigh **Sruth A** má tá faisnéis á roinnt agat faoi d'eispéireas féin de dhrochúsáid ghnéasach mar leanbh bainteach le scoil.

Roghnaigh **Sruth B** má tá an suirbhé á chomhlánú agat thar ceann baill teaghlai agus tú ag déanamh cur síos ar a (h)eispéireas.

Roghnaigh **Sruth C** má tá faisnéis á cur ar fáil agat faoi dhrochúsáid a chonaic tú, faoi ábhair imní a bhí agat, faoi ghearáin nó tuairiscí a fuair tú, nó faoi thuairiscí a rinne tú, you are providing information about abuse you witnessed, concerns you had, go hiondúil bainteach le drochúsáid de dhuine eile.

An phríomhdhifríocht idir na sruthanna ná go ndíríonn Sruthanna A agus B ar eispéireas an duine a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach, agus díríonn Sruth C ar eolas ar imeachtaí nó ar ábhair imní nó ar thuairiscí agus ar an gcaoi ar freagraíodh dóibh nó ar láimhseáladh iad.

Má tá an suirbhé á chomhlánú agat thar ceann duine eile agus má tá tú in ann mionfaisnéis a chur ar fáil faoina (h)eispéireas, is é is dóichí gurb é Sruth B an rogha is iomchuí. Má tá faisnéis á cur ar fáil agat faoi rud éigin a chonaic tú, nó faoi fhaisnéis a fuair tú nó a thuairiscigh tú, is é is dóichí gurb é

Sruth C an rogha is iomchuí. Sa sruth seo, tá níos mó mioncheisteanna san áireamh maidir le tuairisciú a dhéanamh, bearta atá déanta ag scoileanna agus ag eagraíochtaí eile, agus torthaí na mbeart sin.

Cad a Iarrtar sa Suirbhé?

Sa suirbhé iarrtar faisnéis a chuideoidh leis an gCoimisiún tuiscint a fháil ar eispéiris de dhrochúsáid ghnéasach leanaí bainteach le scoileanna, agus ar an gcaoi ar láimhseáladh ábhair imní faoina leithéid de dhrochúsáid.

Ag brath ar an sruth a roghnaíonn tú, b'fhéidir go n-iarrtar ort:

- D'ainm, sonraí teagmhála agus rogha modha teagmhála. Tá an fhaisnéis seo ag teastáil chun an suirbhé a chomhlánú.
- An chúis atá agat le páirt a ghlacadh sa suirbhé (mar shampla, mar mharthanóir, mar bhall teaghlaigh, nó mar dhuine a bhfuil eolas ábhartha aige/aici).
- An scoil atá i gceist, a hainm agus suíomh san áireamh.
- An tréimhse ama go garbh inar tharla an drochúsáid (mar shampla, go luath sna 1970idí, i lár na 1970idí, nó go déanach sna 1970idí). Ní gá duit dátaí cruinne a chur ar fáil.
- Faisnéis faoin duine nó faoi na daoine atá freagrach as an drochúsáid, lena n-áirítear, más eol duit, a (h)ainm/ a n-ainm, agus an bhaint atá aige/aici/acu leis an scoil. Is ceisteanna roghnacha iad an chuid is mó de na ceisteanna seo, agus ní chaithfidh tú iad a fhreagairt más fearr leat gan iad a fhreagairt.
- Faisnéis faoi aon ábhair imní, nochtadh nó tuairiscí bainteach leis an drochúsáid, lena n-áirítear cé acu ar tuairiscíodh ábhair imní, cé lenar tuairiscíodh iad, agus cén chaoi ar láimhseáladh iad. Aithnímid go mb'fhéidir nach mbeidh an fhaisnéis seo ag cuid mhór rannpháirtithe nó b'fhéidir nach mbeidh siad in ann í a thabhairt chun cuimhe. Beidh tú in ann a chur in iúl áit nach bhfuil a fhios agat nó mura bhfuil tú cinnte.
- Cé acu ar mhaith leat go ndéanfar teagmháil leat faoi dheiseanna maidir le tuilleadh rannpháirtíochta in obair an Choimisiúin, ar nós an Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí, nó faoi fhaisnéis bhreise a chur ar fáil má iarrann ár bhfoireann dlí ort.

Treoir Rannpháirtíochta sa Suirbhé

Ní gá go mbeidh an fhaisnéis seo ar fad agat leis an suirbhé a chomhlánú. Áit nach bhfuil a fhios agat nó nach cuimhin leat sonraí ar leith, beidh tú in ann a chur in iúl nach bhfuil tú cinnte nó nach bhfuil a fhios agat.

Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir an suirbhé seo a chomhlánú gan ainm. Leis seo cuidítear linn a chinntiú nach ndéanfar freagraí a dhúbláil agus chun ligean dúinn obair leantach a dhéanamh i gcás inar iomchuí. Tuigimid nádúr íogair an ábhair seo agus láimhseálfaimid an fhaisnéis uile go cúramach, go measúil, agus go rúnda.

Beidh an rogha agat a chur in iúl:

- Nach mian leat go mbeidh aon teagmháil leantach leat i ndiaidh an tsuirbhé; nó
- Go mbeadh spéis agat páirt a ghlacadh i dtuilleadh céimeanna d'obair an Choimisiúin.

Cur Chuige Dírithe ar Mharthanóirí Agus Trámathreoraithe


Tuigimid cé chomh deacair agus a bheadh sé do mharthanóirí páirt a ghlacadh sa suirbhé. D'fhéadfadh roinnt ceisteanna cuimhní a thabhairt ar ais atá deacair nó anacrach le smaoineamh orthu.

I roinnt cásanna, b'fhéidir nach mbeidh an fhaisnéis a iarradh i gceist ag rannpháirtithe nó b'fhéidir nach mbeidh siad ag iarraidh ceist áirithe a fhreagairt.

Ba mhaith linn tú a chur ar do shuaimhneas nach gá go mbeidh an fhaisnéis ar fad agat chun an suirbhé a chomhlánú – d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair sonraí cruinne a thabhairt chun cuimhne ar nós dátaí nó ainmneacha nó áiteanna. Tá an suirbhé leagtha amach ionas gur féidir leat freagraí go garbh a chur ar fáil agus a chur in iúl áit nach bhfuil a fhios agat nó áit nach bhfuil tú cinnte.

B'fhéidir gur mhaith le rannpháirtithe go mbeidh duine iontaofa acu chun tacú leo agus an suirbhé á líonadh isteach nó b'fhéidir gur mian leo leas a bhaint as an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta neamhspleách don suirbhé sula dtosaíonn siad, nó le linn an phróisis.

Is go deonach go hiomlán atá an rannpháirtíocht agus is féidir leat cinneadh a dhéanamh am ar bith cé acu an mian leat leanúint ar aghaidh.



Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Neamhspleách don Suirbhé

Chun tacú le daoine atá ag smaoineamh ar pháirt a ghlacadh i suirbhé an Choimisiúin, tá sé socraithe ag an gCoimisiún go gcuirfidh Duine Amháin as Gach Ceathrar (One in Four), saineagraíocht a bhfuil saineolas aici chun tacú le marthanóirí aosaigh a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach leanaí, chun Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta neamhspleách a chur ar fáil.

Is féidir leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cuidiú le daoine cinneadh feasach a dhéanamh faoi cé acu páirt a ghlacadh.
- Ceisteanna praiticiúla a fhreagairt faoin gcaoi leis an suirbhé a chomhlánú.
- Tacú le daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu chun páirt a ghlacadh.
- Faisnéis shoiléir a chur ar fáil faoi cad atá i gceist le rannpháirtíocht.
- Daoine a threorú nó a chur ar aghaidh go dtí tacaíochtaí breise, lena n-áirítear tacaíochtaí mothúchánacha agus síceolaíochta más cuí.

Feidhmíonn an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta don suirbhé go neamhspleách ar an gCoimisiún.

Tá an fhaisnéis a roinneann tú leis na tseirbhís tacaíochta faoi rún agus ní roinnfear í leis an gCoimisiún ach amháin má chuireann tú do thoiliú ar fáil go soiléir.

Má labhraíonn tú leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta, ní chiallaíonn sé sin gur chinn tú an suirbhé a chomhlánú, agus níl aon oibleagáid ann páirt a ghlacadh. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála don tseirbhís seo ag deireadh an leabhráin seo.


Conas Páirt a Ghlacadh

Beidh an suirbhé ar fáil lena chomhlánú ón bhFómhar in 2026 ar feadh roinnt seachtainí ar na bealaí seo a leanas:

- Ar líne trínár suíomh gréasáin.
- Trí leagan ar páipéar a líonadh isteach atá ar fáil ach é a iarraidh.
- Ar an bhfón, le cabhair ón tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta neamhspleách don suirbhé.

Cuirfear tuilleadh sonraí faoi conas rochtain a dhéanamh ar gach rogha ar fáil sula n-osclaíonn an suirbhé.

Má dhéanann tú cinneadh páirt a ghlacadh, b'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú duit spás ciúin a roghnú áit nach gcuirfear isteach ort.



An Suirbhé a Chomhlánú Ar Líne

Is féidir leat an suirbhé a chomhlánú ag baint úsáid as gléas ar bith, fón póca, táibléad, ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce san áireamh.

Beidh an suirbhé ar fáil trí nasc gréasáin oscailte. Ní bheidh ort cuntas a chruthú ná pasfhocal a shocrú chun páirt a ghlacadh.

De réir mar a chomhlánaíonn tú an suirbhé, sábhálfar do chuid freagraí go huathoibríoch, fad is go bhfuil tú ag baint úsáid as an ngléas agus brabhsálaí céanna. Ciallaíonn sé seo gur féidir leat sos a ghlacadh agus filleadh ar an suirbhé níos déanaí gan an dul chun cinn atá déanta agat a chailleadh.

Ach, má tá tú ag baint úsáid as ríomhaire nó gléas comhroinnte ní bheidh sé seo indéanta mar go mbeidh ort an suirbhé a dhúnadh chun do chuid faisnéise a chosaint.

Nuair atá tú críochnaithe, ní mór duit ‘Seol’ a roghnú chun do chuid freagraí a chur isteach go dtí an Coimisiún. Go dtí go ndéanann tú é sin, ní bheidh do shuirbhé faighte, agus ní bheidh rochtain againn ar do chuid freagraí.

Socruithe Inrochtaineachta

Tá uirlis an tsuirbhé deartha le bheith inrochtana agus ionchuimsitheach. Is féidir leat cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi a gcuirtear na ceisteanna i láthair sula dtosaíonn tú. Tríd an ‘Roghchlár Teanga’, is féidir leat do rogha teanga a roghnú idir Bhéarla, Ghaeilge, nó Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ).

Agus an suirbhé tosaithe agat, is féidir leat úsáid a bhaint as na ‘Socruithe Inrochtaineachta’ chun méid an téacs a shocrú, téamaí dathanna a chur in oiriúint, nó chun gur féidir na ceisteanna a léamh amach os ard. Déantar an suirbhé a optamú freisin le haghaidh léitheoirí scáileáin.

Ná déan dearmad, má tá cuidiú de dhíth ort, tá tacaíocht ar fáil tríd an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta neamhspleách.


Cad a Tharlóidh i nDiaidh an tSuirbhé?

Tar éis don suirbhé a dhúnadh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus anailís ar na freagraí.


Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil cuideofar leis an gCoimisiún tuiscint a fháil ar eispéiris agus patrúin agus téamaí a bhaineann lena chuid oibre a aithint. Cuideoidh sí freisin cur le hlmscrúdúchán an Choimisiúin agus leis an gClár Rannpháirtíochta Marthanóirí.

Déanfar teagmháil leo siúd a chuir in iúl go bhfuil siad ag iarraidh páirt a ghlacadh sa Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí le tuilleadh sonraí. Tá sé i gceist go dtosóidh an clár in 2027.

B'fhéidir go n-iarrfaí ar roinnt daoine faisnéis bhreise a chur ar fáil don lmscrúdúchán, má chuir siad in iúl go bhfuil siad toilteanach go ndéanfaí teagmháil leo chun na críche sin.



Obair an Choimisiúin Suirbhé



Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí

Is clár deonach é a Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí atá deartha chun spás ina bhfuil tacaíocht a thabhairt do mharthanóirí de dhrochúsáid ghnéasach leanaí chun níos mó a roinnt faoina n-eispéiris agus an chaoi ar chuir na heispéiris seo isteach ar a saol.

Is clár neamhfhoirmiúil agus rúnda é an clár. Ní próiseas dlí ná éisteacht fhoirmiúil é. Caithfear le cad a roinneann tú faoi rún, agus cosnófar d'aitheantas. Ar chúiseanna um chumhdach leanaí, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara áit a bhfaigheann an Coimisiún faisnéis ina n-ardaítear ábhair imní faoi riosca reatha ar leanbh, b'fhéidir go mbeidh ar an bhfaisnéis sin a chur ar aghaidh go dtí

Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), nó An Garda Síochána, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí dlíthiúla agus cumhdaigh. Tairgfidh an clár spás neamhfhoirmiúil ina bhfuil tacaíocht áit ar féidir leat labairt le héascaitheoir oilte faoin gcaoi ar chuir an drochúsáid a d'fhulaing tú isteach ort. Is féidir leat d'eispéireas a roinnt i d'fhocail féin, ar do bhealach féin agus ag do luas féin.

Caithfear an fhaisnéis a roinntear tríd an gClár Rannpháirtíochta Marthanóirí faoi rún agus déanfar anailís agus tuairisciú uirthi ar bhealach ina gcosnaítear príobháideacht na rannpháirtithe.

Imscrúdúchán

Tabharfaidh an Coimisiún faoi Imscrúdúchán faoin gcaoi ar láimhseáil scoileanna, agus iad siúd freagrach as scoileanna, ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí i scoileanna. Scrúdóidh sé freisin an chaoi ar láimhseáil An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireactaí gaolmhara, agus an Roinn Oideachais agus Óige, ábhair imní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí, bainteach le scoileanna, a tuairiscíodh dóibh.

Cuspóir an Imscrúdúcháin ná scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseáladh ábhair imní, aon teipeanna a bhí ann chun leanaí a chosaint a aithint, tuiscint a fháil ar chúiseanna na dteipeanna sin, agus an fhreagracht as na teipeanna sin a mheas.

Níl sé de chúram ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh cé acu ar tharla drochúsáid i gcásanna ar leith. Tá sé de chúram air imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar láimhseáladh gearáin agus ábhair imní.

Ábhair á Roghnú le haghaidh Imscrúdúcháin

Ní bheidh an Coimisiún in ann scrúdú a dhéanamh go mion ar gach eispéireas nó ar gach prósa faisnéise a chuirtear ar fáil tríd an suirbhé.

Seachas sin, úsáidfear an fhaisnéis a bhailítear tríd an suirbhé chun patrúin, téamaí agus ábhair a aithint a bhféadfaí scrúdú níos mó a dhéanamh orthu mar chuid den Imscrúdúchán.

Glacfaidh an Coimisiún cur chuige samplála agus cinneadh á dhéanamh faoin bhfaisnéis atá le scrúdú níos mine. Ciallaíonn sé seo go roghnófar samplaí ón bhfaisnéis atá faighte d'fhonn iniúchadh níos grinne a dhéanamh ar théamaí agus ar shaincheistean áirithe.

Agus cinneadh á dhéanamh cad é a scrúdófar tuilleadh, déanfaidh an Coimisiún raon tosca a mheas, lena n-áirítear fianaise finnéithe agus dhoiciméideach a bheith ar fáil.

Beidh ról tábhachtach sa phróiseas seo ag an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil tríd an suirbhé. I ndiaidh an tsuirbhé, ní bheidh tuilleadh rannpháirtíochta ar bith in obair an Choimisiúin ach amháin agus an duine ar an eolas agus sásta faoi.

Cén Chaoi a Láimhseálfar Mo Chuid Faisnéise?

Tuigimid go bhféadfadh ábhair inní a bheith ar rannpháirtithe faoi fhaisnéis phearsanta íogair a roinnt.


Tá an Coimisiún tiomanta don fhaisnéis uile a láimhseáil go cúramach, go measúil agus faoi rún agus i gcomhréir lena oibleagáidí dlíthiúla.

Ní dhéanfaidh ach baill údaráithe den Choimisiún rochtain ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil tríd an suirbhé, agus iad siúd atá ag obair thar a gceann a bhfuil an fhaisnéis de dhíth orthu chun críche le hobair an Choimisiúin a dhéanamh.

Ní féidir an suirbhé a chomhlánú gan ainm. Iarrfar ar rannpháirtithe a n-ainm agus sonraí teagmhála a chur ar fáil. Cabhraíonn sé seo leis an gCoimisiún freagraí dúbláilte a sheachaint agus teagmháil a dhéanamh faoi thuilleadh rannpháirtíochta áit ar cuireadh toiliú ar fáil.

Is féidir leat a chur in iúl cé acu ar mian nó nach mian leat go ndéanfar teagmháil leat faoi thuilleadh rannpháirtíochta in obair an Choimisiúin agus ní déanfaimid teagmháil leat ach amháin má thug tú do chead dúinn chun é sin a dhéanamh sa suirbhé.

Má úsáidtear faisnéis ón suirbhé i dtuarascálacha, in uasdátuithe nó i bhfoilseacháin, glacfaidh an Coimisiún na céimeanna iomchuí chun príobháideacht na rannpháirtithe a chosaint.



Imeachtaí Dlí agus Comhaontuithe Rúndachta

Má tá baint agat le himeachtaí sibhialta nó coiriúla, nó má shínigh tú comhaontú rúndachta, comhaontú socraíochta nó aon socrú eile a chuirfeadh srian le do chumas faisnéis a roinnt, molaimid duit comhairle dlí neamhspleách a lorg sula nglacann tú páirt sa suirbhe nó sula gcuireann tú faisnéis ar fáil don Choimisiún.

Is féidir le comhairleoir dlí neamhspleách cuidiú leat tuiscint a fháil ar do chearta agus ar aon oibleagáidí dlíthiúla a bheadh i bhfeidhm i do chúinsí áirithe.

Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi a bpróiseálann agus a gcosnaíonn an Coimisiún sonraí pearsanta, agus faoi aon oibleagáidí a bheadh ag an gCoimisiún, ar fáil san Fhógra um Príobháideacht Suirbhé de chuid an Choimisiúin atá san áireamh mar aguisín don treoir seo. Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar ár bhFógra um Príobháideacht Sonraí ar ár suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún.

Tuilleadh Eolais


Tá eolas breise, lena n-áirítear freagraí ar na ceisteanna coitianta, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.commissionofinvestigation.ie.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún:

- Ar an bhfón: (01) 920 8787
- Ar ríomhphost: info@commissionofinvestigation.ie

Má tá ceisteanna agat faoin suirbhé a chomhlánú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta neamhspleách don suirbhé:

- Ar an bhfón: (01) 611 4654
- Ar ríomhphost: coi@oneinfour.ie



Aguisín A:

Fógra um Príobháideacht Sonraí



Commission of Investigation
Handling of Historical Child Sexual Abuse in Schools

Go hAchomair

- Is é do rogha féin go hiomlán páirt a ghlacadh. Is féidir leat sosanna a ghlacadh nó stopadh am ar bith.
- Ní suirbhé gan ainm é an suirbhé seo. Ach, má fhoilsítear aon fhaisnéis ón suirbhé, ní aithneofar tú agus ní fhoilseofar í ach amháin i bhfoirm achoimre agus ní féidir léi a bheith nasctha le rannpháirtithe ar leith.
- Coinneoidimid cad a deir tú faoi rún. I gcásanna áirithe b'fhéidir go mbeidh dualgas orainn faisnéis a thuairisciú a tugadh dúinn do na húdaráis iomchuí, ar nós má tá riosca féideartha ann do leanbh faoi láthair. Tá cearta agat i leith do chuid faisnéise, mar atá mínithe thíos, agus is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí am ar bith le ceisteanna.

Cén fáth a bhfuilimid ag Iarraidh Ort Páirt a Ghlacadh

Tá imscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gcaoi ar láimhseáladh ábhair inní faoi dhrochúsáid ghnéasach leanaí i scoileanna idir 1927 agus 2013. Is céim luath é an suirbhé seo san obair sin. Cuirtear líon ceisteanna tosaigh ar mharthanóirí ann, agus ar dhaoine eile a bhfuil faisnéis ábhartha acu, ionas gur féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh faoin áit ar a ndíreofar na chéad chéimeanna dá chuid oibre.

Má d'fhulaing tú drochúsáid ghnéasach bainteach le scoil, cuirfear ceist sa suirbhé freisin cé acu ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí, áit ar féidir leat cuntas níos iomláine de d'eispéireas a roinnt i bpróiseas rúnda nach próiseas naimhdeach é. Is féidir leis na marthanóirí uile ar mian leo é sin a dhéanamh páirt a ghlacadh sa chlár seo. Iarrfar ort freisin an mbeifeá toilteanach faisnéis a chur ar fáil d'imscrúdúchán dlí an Choimisiúin, má thugann ár bhfoireann dlí cuireadh duit é sin a dhéanamh. Ní iarrfar ar gach duine a thagann chun tosaigh é seo a dhéanamh, mar is gá don Choimisiún cur chuige samplála a úsáid ina Imscrúdúchán.

Is go Deonach atá sé Páirt a Ghlacadh

Ní gá duit páirt a ghlacadh. Má ghlacann tú páirt éilíonn an Coimisiún go bhfreagrófar ceisteanna áirithe ionas gur féidir linn dul chun cinn a dhéanamh lenár gcuid oibre. Ach, nuair is féidir tá ceisteanna roghnacha againn nó tá rogha curtha ar fáil againn duit lena chur in iúl mura bhfuil tú cinnte faoin bhfreagra.

Cén Fhaisnéis a Iarraimid

- D'ainm agus sonraí teagmhála.
- An scoil/ na scoileanna ar ar fhreastail tú agus an tréimhse ábhartha.
- Faisnéis faoi d'eispéireas, lena n-áirítear faisnéis faoi dhrochúsáid ghnéasach, atá mar chatagóir speisialta de shonraí pearsanta faoin dlí um chosaint sonraí:
 - Ní chuirimid mioncheisteanna faoi nádúr na drochúsáide sa suirbhé.
 - Cuirimid ceist faoin tréimhse ama inar tharla an drochúsáid, agus tá an rogha agat an duine nó na daoine a rinne an drochúsáid a ainmniú.

- Cuirimid ceisteanna freisin faoi ar tuairiscíodh d'eispéireas don scoil nó do ghníomhaireachtaí áirithe eile.
- Cé acu ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí.
- Cé acu an mbeifeá toilteanach go rachadh an fhoireann imscrúdúcháin dlí i dteagmháil leat chun tuilleadh faisnéise a chur ar fáil má thugtar cuireadh duit a leithéid a dhéanamh. Ní iarrfar ar gach duine a thagann chun tosaigh é seo a dhéanamh.

Ní iarraidimid ach le haghaidh faisnéise atá ag teastáil uainn chn na gcríocha a bhfuil cur síos déanta orthu san fhógra seo. Má chomhlánaigh tú an suirbhé ar líne, ar chóip ar páipéar nó thar an bhfón, bailítear an fhaisnéis chéanna; níl ach difear san fhormaid.

Tabhair faoi Deara le do Thoil Nach bhFuil an Suirbhe Gan Ainm

Baileofar do chuid freagraí agus coinneofar iad le chéile in éineacht le d'ainm agus sonraí teagmhála, agus dá bhrí sin beidh d'aitheantas ar eolas ag an gCoimisiún. Beidh rochtain ar d'fhaisnéis phearsanta teoranta go docht do na baill foirne sin agus do phearsanra údaráithe óna bhfuil sí ag teastáil chun a ról a chur i gcrích a bhaineann le hobair an Choimisiúin. Stórálfar do shonraí pearsanta go sábháilte agus láimhseálfar iad i gcomhréir leis na riachtanais um chosaint sonraí a bhaineann le hábhar. Glacfaidh an Coimisiún na céimeanna réasúnta uile chun d'aitheantas a chosaint, agus ní fhoilseofar aon fhaisnéis ón suirbhé a d'fhéadfadh tú a aithint ná ní chuirfear í san áireamh i dtuarascálacha an Choimisiúin ná in aschuir phoiblí.

Feidhmíonn an Coimisiún Clár Rannpháirtíochta Marthanóirí freisin. Is go deonach atá an rannpháirtíocht sa chlár seo. Tá sé i gceist leis an gclár éisteacht le cuntais ó mharthanóirí maidir leis an tionchar a bhí ag a n-eispéiris de dhrochúsáid ghnéasach i scoileanna. Déanfar aon doiciméid a thagann chun cinn as ucht a bheith rannpháirteach sa Chlár Rannpháirtíochta Marthanóirí a anaithnidíú.

An Chaoi a Ligtear Dúinn Do Chuid Faisnéise a Úsáid

Tá an bunús dlí leis na sonraí a phróiseáil atá de dhíth ar an gCoimisiún, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i bhfeidhmíocht an Taisc Oifigiúil nó Phoiblí. Déantar an bunús dlí le sonraí pearsanta a phróiseáil a chumasú de bharr reachtaíochta lena n-áirítear rialacháin atá déanta faoi A.38(4)(b), A.51(3) agus A.60(6) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Rinneadh na rialacháin de mhaolú ionstraimí reachtúla I.R. 350 de 2026, I.R. 351 de 2026 agus I.R. 352 de 2026 arna shíniú ar an 16 Iúil 2026. Beidh an Coimisiún mar an rialaitheoir, chun críche an Rialacháin um Chosaint Sonraí, i dtaca le sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don Choimisiún.

Tá an Coimisiún faoi údarás sonraí catagóire speisialta ar phróiseáil de bhun A.51(3) den Acht um Chosaint Sonraí de 2018 agus na hionstraime reachtúla I.R. 352 de 2026 a mhéid is gá sin ar mhaithe le leas mór an phobail, agus i gcomhréir le leas mór an phobail.

Cé a Fheiceann Do Chuid Faisnéise?

Ní fheiceann ach baill foirne an Choimisiúin agus conraitheoirí a bhfuil rochtain de dhíth orthu chun feidhmeanna an Choimisiúin a chur i gcrích, do fhreagraí ar an suirbhé, ar bhonn docht riachtanach. Áit nach bhfuil d'ainm agus do shonraí teagmhála de dhíth ar anailís ar fhreagraí ar an suirbhé, oibrímid ó leagan de na sonraí nach n-aithníonn thú go díreach.

B'fhéidir go mbeidh orainn de réir dlí faisnéis a roinnt leis An nGarda Síochána, Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), nó le húdarás eile sna cásanna a bhfuil cur síos déanta orthu thíos.

An Srian le Rúndacht: Leanaí a Choinneáil Sábháilte

Caithimid cad a deir tú linn faoi rún. Ach, ag pointe ar bith i rith do rannpháirtíochta leis an gCoimisiún, má deir tú linn rud éigin a chuireann ábhar inní orainn go bhfuil leanbh i mbaol díobhála faoi láthair, tá dualgas orainn an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) nó chuig An nGarda Síochána. Is féidir leat cásanna a thuairisciú áit a bhfuil leanbh i mbaol díobhála faoi láthair do Tusla

nó don Gharda Síochána agus tá eolas faoi conas é seo a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin agus sa treoir seo.

I gcásanna áirithe b'fhéidir go mbeidh an Coimisiún faoi oibleagáid de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012, faisnéis a thuairisciú don Gharda Síochána.

I gcásanna ina bhfuil an Coimisiún faoi cheangal faisnéis a roinnt, déanfaidh an Coimisiún d'fhaisnéis a athphróiseáil chun na críche sin amháin. Trí pháirt a ghlacadh sa suirbhé tá cead á thabhairt agat dá leithéid d'athphróiseáil.

Má tá an Suirbhé á Chomhlánú Agat Thar Ceann Duine Éigin Eile

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh ball teaghlaigh an suirbhé a chomhlánú thar ceann duine a d'fhulaing drochúsáid ghnéasach. Má tá sé seo á dhéanamh agat, iarrfaimid ort do ghaol leis an duine sin a dheimhniú agus an bunús ar a bhfuil a f(h)aisnéis á cur ar fáil agat.

Cé Chomh Fada a Choinnimid Do Chuid Faisnéise

Beidh sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don Choimisiún agus a dhéanann an Coimisiún a phróiseáil faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986 a fhorálann nach mór go mbeidh a thaifid a chur i dtaisce leis an Roinn Oideachais agus Óige nuair atá obair an Choimisiúin curtha i gcrích.

Tar éis tríocha bliain, aistreofar na taifid sin ansin go dtí na Cartlanna Náisiúnta. Ní féidir fáil réidh le taifead ar bith gan údarú ó Stiúrthóir na gCartlann Náisiúnta.

Cé go bhfuil an ceart agat iarratas a dhéanamh go ndéanfar do shonraí a scriosadh, b'fhéidir nach mbeifí in ann an t-iarratas seo a chomhlíonadh má tá do shonraí faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986.

Comhlíonfaidh an Coimisiún aon treoir nó údarú a fhaightear i dtaca leis sin.

Is féidir teacht ar threoir ábhartha ó na Cartlanna Náisiúnta ag www.nationalarchives.ie.

Do Chearta

Faoin dlí um chosaint sonraí, go hiondúil tá an ceart agat:

- Iarraidh orainn le haghaidh cóip den fhaisnéis phearsanta atá againn fút.
- Iarraidh orainn faisnéis atá míchruinn nó neamhiomlán a cheartú.
- Iarraidh orainn srian a chur leis an gcaoi a n-úsáidimid do chuid faisnéise, i gcásanna áirithe.
- Cur i gcoinne an úsáid a bhainimid as do chuid faisnéise, i gcásanna áirithe.
- Iarraidh orainn do chuid faisnéise a léirsciosadh, i gcásanna áirithe.

Ós rud é go bhfuil Imscrúdúchán reachtúil á dhéanamh ag an gCoimisiún, b'fhéidir go mbeidh srian le roinnt de na cearta seo faoi I.R. 350 de 2026. Má chuireann rannpháirtí sonraí pearsanta ar fáil don Choimisiún, d'fhéadfadh an Coimisiún srian a chur lena c(h)eartha áit a bhfuil gá leis sin chun cuspóir tábhachtach a chosaint, ar nós na Téarmaí Tagartha a chomhlíonadh. Ní bheidh aon srian i bhfeidhm ach amháin chomh fada agus is gá agus ní mór go mbeidh sé i gcomhréir leis an gculpóir atá á chosaint.

Áit a gcuireann an Coimisiún srian ar chearta duine is ábhar do na sonraí, cuirfidh an Coimisiún é sin in iúl don duine is ábhar do na sonraí atá i gceist i scríbhinn laistigh de mhí amháin den srian, ach amháin dá ndéanfadh an fógra é féin dochar don chuspóir ábhartha atá á chumhdach a bhaint amach.

Má tá aon cheisteanna agat faoin gcaoi a n-úsáidtear do chuid faisnéise, téigh i dteagmháil lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí ag dpo@commissionofinvestigation.ie.

Tá an ceart agat freisin gearán a dhéanamh don Choimisiún um Chosaint Sonraí (www.dataprotection.ie) mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi ar láimhseálar do chuid faisnéise.

Nótaí



Nótaí

Nótaí

